AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.1.2024
COM(2024) 13 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**An dara tuarascáil maidir le staid na himeartha i ndáil leis an ullmhúchán i gcomhair chur chun feidhme iomlán Rialachán VIS i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2021/1134**

GA GA

## Achoimre feidhmiúcháin

Le Rialachán (AE) 2021/1134[1], lena leasaítear, *inter alia*, Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Bhallstáit (Rialachán VIS)[2], ceanglaítear ar an gCoimisiún **tuarascáil** bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil le hullmhúcháin le haghaidh cur chun feidhme iomlán an Rialacháin. Is é seo an **dara tuarascáil** ón **gCoimisiún**.

Tá cur chun feidhme na hailtireachta TF nua i réimse na himirce, na dteorainneacha agus na slándála mar bhunchloch d’iarrachtaí an Aontais chun ceann de na córais bainistithe teorainneacha is nua-aimseartha ar domhan a bhunú. Tá VIS ina dhlúthchuid den ailtireacht seo. Chun cur chun feidhme iomlán agus tráthúil a bhaint amach, ní mór do Bhallstáit an Aontais, do thíortha comhlachaithe Schengen, do ghníomhaireachtaí an Aontais agus don Choimisiún dul chun cinn a dhéanamh in éineacht lena chéile. Tá sé tábhachtach go nglacfaidh gach páirtí freagracht as a áirithiú gur féidir leis an gcóras a bheith ag feidhmiú ag an am céanna, agus ar an gcaoi sin, seachnófar moilleanna breise agus costais mhéadaitheacha.

Ar an iomlán, tá an t-ullmhúchán maidir le cur chun feidhme an VIS athbhreithnithe ar an mbóthar ceart. Tar éis ghlacadh an Rialacháin leasaithigh an 7 Iúil 2021, thosaigh an Coimisiún plé láithreach sa choiste ábhartha agus sa ghrúpa saineolaithe ar an dá cheann déag de **ghníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe** is gá chun comhchodanna nua VIS a fhorbairt. Leanadh den obair in 2023, agus faoi láthair, tá an 12 ghníomh cur chun feidhme agus tarmligthe molta ag an gCoimisiún agus tá siad ag céimeanna éagsúla den nós imeachta glactha. Tá cúig ghníomh glactha go foirmiúil, tá dhá ghníomh á nglacadh go foirmiúil, agus tá trí ghníomh cur chun feidhme agus dhá ghníomh tarmligthe fós á bplé sa choiste ábhartha agus sa ghrúpa saineolaithe ábhartha.

[1]Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, chun críche an Córas Faisnéise Víosaí a athchóiriú (IO L 248, 13.7.2021, lgh. 11–87)

[2]Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Bhallstáit (Rialachán VIS) (IO L 218, 13.8.2008, lch. 60)

## 1. Réamhrá

Is le Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle[3] a bunaíodh VIS chun go bhféadfaí sonraí víosaí a mhalartú idir na Ballstáit. Le Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Rialachán VIS)[4], leagadh síos cuspóir, feidhmiúlachtaí agus freagrachtaí VIS, mar aon leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le malartú sonraí faoi víosaí gearrfhanachta idir na Ballstáit chun an scrúdú ar iarratais ar víosaí gearrfhanachta agus na cinntí a bhaineann leo a éascú. Cuireadh tús le hoibríochtaí VIS an 11 Deireadh Fómhair 2011 agus de réir a chéile a rolladh amach é i gconsalachtaí na mBallstát uile idir mí Dheireadh Fómhair 2011 agus mí Feabhra 2016.

Is iad na cuspóirí atá ag VIS feabhas a chur ar chur chun feidhme an chomhbheartais víosaí, agus ar chomhar na gconsal agus ar an gcomhairliúchán idir údaráis víosaí lárnacha tríd an malartú sonraí idir na Ballstáit maidir le hiarratais agus na cinntí lena mbaineann a éascú. Is é is aidhm do VIS an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an nós imeachta um iarratas a dhéanamh ar víosa a éascú;
- an 'tsiopadóireacht víosaí' a chosc;
- an comhrac i gcoinne na calaoise céannachta a éascú;
- seiceálacha ag pointí trasnaithe teorainn seachtraí agus laistigh de chríocha na mBallstát a éascú;
- cuidiú chun aon duine a shainaithint nach bhfuil na coinníollacha maidir le teacht isteach i gcríoch na mBallstát, fanacht ann nó cónaí a bheith acu ann á gcomhlíonadh aige nó nach bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh a thuilleadh aige;
- an cinneadh i dtaobh an Bhallstáit atá freagrach as iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú faoi Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a éascú[5];
- agus rannchuidiú le bagairtí ar shlándáil inmheánach aon cheann de na Ballstáit a chosc.

An 2 Lúnasa 2021, tháinig Rialachán (AE) 2021/1134 i bhfeidhm, lena leasaítear, *inter alia*, Rialachán VIS. Leis an gCóras Faisnéise Víosaí athbhreithnithe, cuirfear faisnéis thábhachtach ar fáil d'údaráis eisiúna víosaí faoi iarratasóirí ar víosaí gearrfhanachta Schengen agus, an tráth céanna, ceadaítear do ghardaí teorann taistealaithe a bhféadfadh riosca slándála a bheith ag baint leo a bhrath. Leis na rialacha nua, leathnaítear raon feidhme VIS freisin – go háirithe trí iarratasóirí agus sealbhóirí víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe a chur leis – agus lánurraim á tabhairt do na ceanglais maidir le cosaint sonraí, chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis atá de dhíth ar na húdaráis ábhartha acu, nuair is gá sin. Leis na rialacha nua a comhaontaíodh, ceadófar seiceálacha cúlra níos críochnúla a dhéanamh ar iarratasóirí ar víosaí gearrfhanachta, víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe, sin agus faisnéis a mhalartú ar

[3]Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle an 8 Meitheamh 2004 lena mbunaítear an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) (IO L 213, 15.6.2004, lch. 5).

[4]Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Bhallstáit (Rialachán VIS) (IO L 218, 13.8.2008, lch. 60).

[5]Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (IO L 180, 29.6.2013, lch. 31).

bhealach níos fearr idir na Ballstáit maidir le sealbhóirí doiciméad den sórt sin, agus beidh idir-inoibritheacht iomlán ann le córais faisnéise AE eile.

De réir Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2021/1134, glacfaidh an Coimisiún cinneadh faoin 31 Nollaig 2023 chun dáta a shocrú le haghaidh theacht i bhfeidhm an Chórais Faisnéise Schengen athbhreithnithe. Leagtar síos roinnt coinníollacha san airteagal freisin nach mór a chomhlíonadh sular féidir an cinneadh seo a ghlacadh, is iad sin gur gá na gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe riachtanacha dá dtagraítear sa tuarascáil seo a ghlacadh, go mbeidh ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) fógra a thabhairt don Choimisiún faoi chomhlíonadh rathúil na ngníomhaíochtaí tástála, agus go mbeidh ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún go bhfuil na socruithe teicniúla agus dlíthiúla is gá déanta acu.

Beidh VIS mar chuid den chreat coiteann idir-inoibritheachta arna bhunú le Rialacháin (AE) 2019/817[6] agus (AE) 2019/818[7] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Bunaíodh an creat idir-inoibritheachta idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh[8] ionas gur féidir leis na córais sin agus a gcuid sonraí a chéile a fhorlíonadh leis an gcuspóir foriomlán éifeachtacht agus éifeachtúlacht seiceálacha ag na teorainneacha seachtracha a fheabhsú, rannchuidiú le hinimirce neamhrialta a chosc agus a chomhrac agus rannchuidiú le hardleibhéal slándála agus feabhas a chur ar chur chun feidhme an chomhbheartais víosaí. Ciallaíonn sé gur cheart go mbeadh forbairt theicniúil ghnéithe agus phróisis nua an VIS athnuaite ag teacht go hiomlán le gnéithe agus próisis na gcóras faisnéise AE eile atá mar chuid den chreat.

Faoi théarmaí Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2021/1134, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach bliain maidir le staid na himeartha i ndáil leis an ullmhúchán i gcomhair chur chun feidhme iomlán an Rialacháin , go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún an cinneadh lena socraítear an dáta a thosóidh oibríochtaí VIS de bhun an Rialacháin thuasluaite. Ba cheart faisnéis mhionsonraithe a bheith sa tuarascáil faoi na costais a tabhaíodh agus faoi aon riosca a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar na costais fhoriomlána.

Thíolaic an Coimisiún a chéad tuarascáil an 9 Feabhra 2023.[9] Is í seo an dara tuarascáil ón gCoimisiún, agus is éard a chumhdaítear inti an tréimhse ó mhí Eanáir 2023 go dtí ullmhú na tuarascála seo i mí na Samhna 2023.

---

[6]Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse na dteorainneacha agus na víosaí agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1726 agus (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle (IO L 135, 22.5.2019, lch. 27).

[7]Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 85).

[8] An Córas Dul Isteach/Imeachta (EES), an Córas Faisnéise Víosaí (VIS), an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS), Eurodac, Córas Faisnéise Schengen (SIS) agus an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla le haghaidh Náisiúnaigh Tríú Tír (ECRIS-TCN)

9 COM(2023) 66 final

## 2. Reachtaíocht Rialachán VIS a chur chun feidhme

Foráiltear i Rialachán (AE) 2021/1134 gur cheart reachtaíocht cur chun feidhme agus tarmligthe a ghlacadh chun gnéithe teicniúla mionsonraithe áirithe sa Rialachán a fhorlíonadh agus a chur chun feidhme. Tá gá le cuid de na gníomhartha sin chun an cumas is gá a thabhairt do eu-LISA tús a chur le dearadh agus forbairt na bhfeidhmiúlachtaí nua i gcomhthéacs ailtireacht fhoriomlán an chórais TF, go háirithe ós rud é gur gá sonraíochtaí teicniúla a shainiú chuige sin. Tá gá le gníomhartha eile chun rialacha teicniúla a leagan síos chun an úsáid a bhaineann údaráis ábhartha na mBallstát agus gníomhaireachtaí an Aontais as VIS a éascú.

Ó glacadh an Rialachán in 2021, d'eagraigh an Coimisiún 18 gcruinniú Coiste agus 10 nGrúpa Saineolaithe maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí chun plé a dhéanamh ar shraith dréachtghníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe is gá chun an VIS athbhreithnithe a fhorbairt.

Faoi láthair, tá tús curtha leis an obair ar an 12 ghníomh cur chun feidhme agus tarmligthe, agus tá siad ag céimeanna éagsúla den nós imeachta glactha. Tá ceithre ghníomh cur chun feidhme agus gníomh tarmligthe amháin glactha go foirmiúil cheana féin, tá dhá ghníomh cur chun feidhme á nglacadh go foirmiúil, agus tá trí ghníomh cur chun feidhme agus dhá ghníomh tarmligthe fós á bplé sa choiste ábhartha agus sa ghrúpa saineolaithe ábhartha i ngeall ar an gcineál casta teicniúil a bhaineann leo. Léirítear é seo a thuilleadh sa tábla thíos:

*Tábla 1 Staid na himeartha maidir leis na gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe is gá an 15 Samhain 2023*

| **Rialachán** | **An cineál gnímh** | **Glactha** | **Faoi ghlacadh foirmiúil** | **I gcoiste nó i ngrúpa** | **Níl sé tosaithe go fóill** |
|---|---|---|---|---|---|
| VIS | Tarmligthe | 1 | | 2 | |
| | Cur chun feidhme | 4 | 2 | 3 | |

*Tábla 2 Staid na himeartha maidir leis na gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe is gá faoin 15 Samhain 2023*

| | **Bunús dlí** | **An cineál gnímh** | **Stádas** |
|---|---|---|---|
| **1** | Airteagal 5a | Cur chun feidhme | Faoi ghlacadh foirmiúil |
| **2** | Airteagal 6(5) | Cur chun feidhme | Faoi ghlacadh foirmiúil |
| **3** | Airteagal 9 | Tarmligthe | Glactha |
| **4** | Airteagal 9h & Airteagal 22b | Tarmligthe | I ngrúpa |
| **5** | Airteagal 9j(2) | Tarmligthe | I ngrúpa |
| **6** | Airteagal 9j(3) | Cur chun feidhme | I gcoiste |
| **7** | Airteagal 29 & Airteagal 29a | Cur chun feidhme | Glactha |
| **8** | Airteagal 45(1) | Cur chun feidhme | I gcoiste |
| **9** | Airteagal 45(2) | Cur chun feidhme | I gcoiste |
| **10** | Airteagal 45(3) | Cur chun feidhme | Glactha |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **11** | Airteagal 45c & Airteagal 45d | Cur chun feidhme | Glactha |
| **12** | Airteagal 50(4) | Cur chun feidhme | Glactha |

## 3. Faireachán sna Ballstáit agus i ngníomhaireachtaí an Aontais maidir le cur chun feidhme

Aithnítear go maith ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát a thábhachtaí atá sé an VIS athbhreithnithe a chur chun feidhme go tráthúil. Tá tuiscint mhaith ag na páirtithe leasmhara ar na hidirthuilleamaíochtaí idir VIS agus forbairt córas faisnéise AE eile agus forbairt na gcomhchodanna idir-inoibritheachta. Chun cur chun feidhme iomlán agus tráthúil a bhaint amach, ní mór do Bhallstáit an Aontais, do ghníomhaireachtaí an Aontais agus don Choimisiún dul chun cinn a dhéanamh in éineacht lena chéile.

## 4. Costais agus rioscaí

Glacadh an togra ón gCoimisiún maidir leis an Rialachán Leasaitheach an 7 Iúil 2021, bliain níos déanaí ná mar a bhí beartaithe ar dtús. An Ráiteas Airgeadais Reachtach atá i gceangal leis an togra ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh an Rialacháin Leasaithigh lena n-athbhreithnítear Rialachán VIS, leasaíodh an Ráiteas sin i mí Iúil 2021 mar gheall ar sceideal ama nuashonraithe i ndáil le cur chun feidhme an Chórais Faisnéise Víosaí athbhreithnithe agus chun a áirithiú go mbeidh a dhóthain acmhainní airgeadais agus daonna ar fáil do eu-LISA.

Tugadh le fios sa Ráiteas Airgeadais Reachtach leasaithe go bhfuil EUR 178.6 milliún ar an iomlán ó bhuiséad an Aontais ag teastáil le linn na tréimhse 2021-2027 le haghaidh an togra. Áirítear sa mhéid sin an buiséad ábhartha le haghaidh na mBallstát (EUR 45 mhilliún) chun a gcórais náisiúnta a oiriúnú, le haghaidh Europol (EUR 29.8 milliún) i gcomhair an uasghrádaithe is gá ar chórais TF agus riachtanais foirne na gníomhaireachta, le haghaidh na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta (EUR 5.4 milliún) chun rochtain nua ar an gCóras Faisnéise Víosaí a bhunú laistigh den Ghníomhaireacht, le haghaidh riachtanais foirne agus le haghaidh cruinnithe, agus le haghaidh eu-LISA (EUR 98.2 milliún) chun gach sraith TF de thogra agus d'fheidhmiú an Chórais Faisnéise Víosaí nuashonraithe a fhorbairt, agus le haghaidh riachtanais foirne shealadacha.

Ar bhonn an togra ón gCoimisiún le haghaidh an Rialacháin Leasaithigh, meastar gurbh é an tionchar a bhí ar chaiteachas oibríochtúil eu-LISA chun an VIS athbhreithnithe a fhorbairt EUR 16.2 milliún in 2022 agus EUR 28.9 milliún in 2023.

Is éard atá i gceist le cur chun feidhme VIS laistigh den chreat coiteann idir-inoibritheachta agus lena oiriúnuithe chun idirghníomhú leis na córais TF eile (maidir leis an gCóras Dul Isteach/Imeachta, mar shampla) sraith modhnuithe éagsúla a mbíonn leagan nua den chóras mar thoradh orthu gach uair. Ní mór na leaganacha éagsúla sin de VIS a chur i bhfeidhm de réir seichimh. D'fhéadfadh an idirthuilleamaíocht idir na córais faisnéise AE éagsúla difear a dhéanamh d'fhad ama codanna áirithe den tionscadal chun an ailtireacht nua um chórais faisnéise AE maidir le teorainneacha, imirce agus slándáil a chur chun feidhme.

Tháinig an Córas Faisnéise Schengen athnuaite i bhfeidhm i mí an Mhárta 2023. An 19-20 Deireadh Fómhair 2023, d'fhormhuinigh an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile amlíne athbhreithnithe maidir leis na córais atá fágtha. De réir an treochláir sin, lena mbeartaítear

babhtaí cur chun feidhme, beidh an Córas Dul Isteach/Imeachta réidh le teacht i bhfeidhm i bhFómhar 2024 agus beidh ETIAS réidh le teacht i bhfeidhm in Earrach 2025. Beidh an Córas Faisnéise Víosaí athbhreithnithe réidh le teacht i bhfeidhm i bhFómhar 2026, mar aon leis an ailtireacht idir-inoibritheachta.

Cé nach féidir an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag an amlíne athbhreithnithe le haghaidh na gcóras faisnéise AE agus idir-inoibritheacht ar chostais chur chun feidhme VIS a thomhas ag an gcéim seo, de réir na sonraí atá ar fáil maidir le caiteachas a thabhaigh na Ballstáit agus ag gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais in 2021 agus 2022, níor sainaithníodh aon riosca go dtí seo go ndearnadh róchaiteachas ar na méideanna a measadh sa ráiteas airgeadais reachtach leasaithe.

## 5. Conclúid

Tá gealltanas ginearálta ag na Ballstáit, ag tíortha comhlachaithe Schengen agus ag gníomhaireachtaí an Aontais cur chun feidhme iomlán an VIS athbhreithnithe a áirithiú mar chuid de chreat idir-inoibritheachta níos leithne na gcóras faisnéise AE.

Leanann an Coimisiún de chomhordú agus de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpáirtithe uile lena mbaineann chun moilleanna a d’fhéadfadh a bheith ar aon chodanna de na córais faisnéise AE agus de chomhpháirteanna idir-inoibritheachta a bhrath agus aghaidh a thabhairt orthu chun a áirithiú go mbeidh VIS uasghrádaithe ar fáil go hiomlán i bhFómhar 2026.